2025/208

31.1.2025

CINNEADH (CBES) 2025/208 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Eanáir 2025

lena dtacaítear le tionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an Straitéis Dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais, dar teideal 'Shared Vision, Common Action: A Stronger Europe' [Fís Chomhroinnte, Comhghníomhaíocht: Eoraip níos Láidre] agus a foilsíodh i mí an Mheithimh 2016, dearbhaítear tacaíocht an Aontais do chonarthaí agus córais iltaobhacha dí-armála, neamhleata agus rialaithe arm a uiliú, a chur chun feidhme go hiomlán agus a fhorfheidhmiú go hiomlán.

(2) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus arm áin éadroma aindleathacha agus a n-armlón, dar teideal 'Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint'. Luaitear sa Straitéis sin, *inter alia*, go leanfaidh an tAontas de rialú freagrach agus éifeachtach ar onnmhairiú arm a chur chun cinn agus de thacú leis an gConradh Trádála Arm ('CTA') a uiliú agus a chur chun feidhme.

(3) Le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([1]), bunaítear ocht gcritéar a ndéanfar iarratais ar onnmhairiú gnáth-arm a mheasúnú dá réir. Tá roinnt tríú tíortha tar éis iad féin a ailíniú leis an gComhsheasamh sin.

(4) Luaitear i gComhsheasamh 2008/944/CBES go bhfuil na Ballstáit lena ndícheall a dhéanamh chun Stáit eile a onnmhairíonn teicneolaíocht mhíleata nó trealamh míleata a spreagadh chun na critéir a leagtar amach sa chomhsheasamh sin a chur i bhfeidhm.

(5) Ó 2008 i leith, faoi Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/230/CBES ón gComhairle ([2]) agus faoi Chinntí 2009/1012/CBES ([3]), 2012/711/CBES ([4]), (CBES) 2015/2309 ([5]), (CBES) 2018/101 ([6]), (CBES) 2020/1464 ([7]) agus (CBES) 2023/2539 ón gComhairle ([8]), tá forbairt tagtha ar ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialuithe éifeachtacha trédhearcacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn. Leis na gníomhaíochtaí a rinneadh, tacaíodh go háirithe le tuilleadh comhar réigiúnach agus feabhsaíodh an trédhearcacht agus freagracht mhéadaithe i gcomhréir le prionsabail Chomhsheasamh 2008/944/CBES agus leis na critéir measúnaithe riosca a leagtar amach ann. Leis na gníomhaíochtaí atá i gceist, tugadh aghaidh ar na tríú tíortha i gcomharsanachtaí in oirthear agus i ndeisceart an Aontais, tríú tíortha san Áise Láir agus sa Mhongóil.

(6) Tá tacaíocht faighte ag roinnt tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas faoi ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialuithe éifeachtacha trédhearcacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn. Ina theannta sin, ba cheart é a bheith d'aidhm le gníomhaíochtaí den sórt sin tacú le mianta aontachais na dtíortha sin leis an Aontas, agus, roimh an aontachas, lena gcomhpháirtíocht leis an Aontas agus lena Bhallstáit maidir le rialuithe ar onnmhairiú arm.

([1]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99 ELI: http://data.europa.eu/eli/compos/2008/944/oj).

([2]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/230/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2008 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialú ar onnmhairiú arm agus prionsabail agus critéir Chód Iompair an Aontais Eorpaigh maidir le hOnnmhairiú Arm a chur chun cinn i dtríú tíortha (IO L 75, 18.3.2008, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/230/oj).

([3]) Cinneadh 2009/1012/CBES ón gComhairle an 22 Nollaig 2009 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialú ar onnmhairiú arm agus prionsabail agus critéir Chomhsheasamh 2008/944/CBES a chur chun cinn i dtríú tíortha (IO L 348, 29.12.2009, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2009/1012/oj).

([4]) Cinneadh 2012/711/CBES ón gComhairle an 19 Samhain 2012 maidir le tacaíocht do ghníomhaíochtaí an Aontais chun rialú ar onnmhairiú arm agus prionsabail agus critéir Chomhsheasamh 2008/944/CBES a chur chun cinn i dtríú tíortha (IO L 321, 20.11.2012, lch. 62, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/711/oj).

([5]) Cinneadh (CBES) 2015/2309 ón gComhairle an 10 Nollaig 2015 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 326, 11.12.2015, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/2309/oj).

([6]) Cinneadh (CBES) 2018/101 ón gComhairle an 22 Eanáir 2018 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 17, 23.1.2018, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/101/oj).

([7]) Cinneadh (CBES) 2020/1464 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L 335, 13.10.2020, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1464/oj).

([8]) Cinneadh (CBES) 2023/2539 ón gComhairle an 13 Samhain 2023 lena dtacaítear le tionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L, 2023/2539, 14.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2539/oj).

(7) Is é is aidhm do CTA trédhearcacht agus freagracht sa trádáil arm a neartú. Tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme agus uiliú éifeachtach CTA trína chláir thiomnaithe arna nglacadh faoi Chinntí 2013/768/CBES ([9]), (CBES) 2017/915 ([10]), agus (CBES) 2021/2309 ón gComhairle ([11]). Cuidíonn na cláir sin le roinnt tríú tíortha, arna iarraidh sin dóibh, a gcórais rialaithe aistrithe arm a neartú i gcomhréir le ceanglais CTA.

(8) Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, comhlántacht a áirithiú idir na gníomhaíochtaí for-rochtana agus cúnaimh dá bhforáiltear sa Chinneadh seo agus na gníomhaíochtaí sin faoi chláir an Aontais chun tacú le cur chun feidhme agus uiliú éifeachtach CTA. Chuige sin, ba cheart sásra comhordúcháin i bhfoirm malartuithe faisnéise rialta a oibriú idir gníomhaireachtaí cur chun feidhme le haghaidh ghníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais i réimse an rialaithe ar onnmhairiú arm, agus idir na gníomhaireachtaí cur chun feidhme sin agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Leis an sásra comhordúcháin sin, beidh saineolaithe ó Bhallstáit eile rannpháirteach nuair is ábhartha.

(9) Le blianta beaga anuas, tá cúnamh soláthraithe ag an Aontas chun feabhas a chur ar na rialuithe onnmhairiúcháin ar earraí dé-úsáide i dtríú tíortha. Ba cheart comhordú éifeachtach a áirithiú idir na gníomhaíochtaí faoin tionscnamh dá bhforáiltear sa Chinneadh seo agus na gníomhaíochtaí sin atá ábhartha do rialuithe onnmhairiúcháin den sórt sin.

(10) Chuir an Chomhairle de chúram ar Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú ar Onnmhairiú, Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle(BAFA), Cinntí 2009/1012/CBES, 2012/711/CBES, (CBES) 2015/2309, (CBES) 2018/101, (CBES) 2020/1464 agus (CBES) 2023/2539 a chur chun feidhme go teicniúil. Is gníomhaireacht cur chun feidhme é BAFA freisin i gcás na dtionscadal sin lena dtacaítear le cur chun feidhme éifeachtach CTA faoi Chinntí 2013/768/CBES, (CBES) 2017/915 agus (CBES) 2021/2309. Ó 2005 i leith, tá BAFA i mbun roinnt tionscadal comhair de chuid an Aontais a chur chun feidhme i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin ar earraí dé-úsáide. Is é BAFA an t-údarás inniúil um rialú onnmhairiúcháin sa Ghearmáin, agus tá neart eolais agus saineolais forbartha aige maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana, chomh maith lena chroí inniúlachtaí a chomhroinnt le húdaráis inniúla Stát eile.

(11) Leis na gníomhaíochtaí a dtacaítear leo tríd an gCinneadh seo, rannchuidítear le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. D'fhonn Straitéis an Aontais i gcoinne airm thine, mionairm agus arm éadroma aindleathacha agus a n-armlón, dar teideal 'Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a Chosaint' agus Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle a chur chun feidhme, tabharfaidh an tAontas tuilleadh tacaíochta do thionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn.

2. Is é seo a leanas cuspóir an tionscadail dá dtagraítear i mír 1:

(a) trádáil idirnáisiúnta i ngnáth-airm a dhéanamh níos freagraí agus níos trédhearcaí;

(b) an riosca a bhaineann le hatreorú arm chuig úsáideoirí neamhúdaraithe a mhaolú.

Bainfear amach na cuspóirí a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo trí aistriú saineolais arb é is aidhm dó tacú le hailíniú le caighdeáin dhlíthiúla agus oibríochtúla an Aontais agus a mBallstát, i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES, agus béim ar leith á leagan ar thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas.

3. Cuirfear na gníomhaíochtaí tionscadail chun feidhme ar bhealach atá comhlántach, agus i sineirgí, le tionscadail chúnaimh an Aontais i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin ar ghnáth-airm agus ar earraí dé-úsáide agus, i gcás inarb iomchuí, le tionscadail chúnaimh deontóirí eile i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin.

([9]) Cinneadh 2013/768/CBES ón gComhairle an 16 Nollaig 2013 maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, faoi chuimsiú Straitéis Slándála na hEorpa (IO L 341, 18.12.2013, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/768/oj).

([10]) Cinneadh (CBES) 2017/915 ón gComhairle an 29 Bealtaine 2017 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 139, 30.5.2017, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/915/oj).

([11]) Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 461, 27.12.2021, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2309/oj).

4. Déantar cur síos mionsonraithe ar an tionscadal san Iarscríbhinn a gabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

1. Beidh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') freagrach as an gCinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Is í Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú Onnmhairiúcháin, Bundesamt für Wirtschaft und Ausfuhrkontrolle, (BAFA), a dhéanfaidh cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

3. Déanfaidh BAFA a chuid cúraimí faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le BAFA.

Airteagal 3

1. Is é EUR 2 100 000,00 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas arna mhaoiniú leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar bhainistiú cuí an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú is gá i gcrích le BAFA. Forálfar sa chomhaontú sin go bhfuil BAFA chun infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, a bheidh iomchuí dá mhéid, a áirithiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas faoi aon deacrachtaí sa phróiseas sin agus faoin dáta a dtabharfar an comhaontú i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha gach 6 mhí arna n-ullmhú ag BAFA.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún faoi ghnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm mura dtabharfar comhaontú den sórt sin i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Eanáir 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA

IARSCRÍBHINN

TIONSCADAL MAIDIR LE RIALUITHE ÉIFEACHTACHA AR ONNMHAIRIÚ ARM A CHUR CHUN CINN

1. Cúlra, cuspóir agus aidhmeanna

Is é is cuspóir don Chinneadh seo an chuntasacht agus an fhreagracht a chur chun cinn maidir le trádáil dhlíthiúil arm i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES, rud a chuirfidh leis an tsíocháin, leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht i dtíortha atá i gcomharsanacht an Aontais. Is iad aidhmeanna an Chinnidh seo trádáil idirnáisiúnta na ngnáth-arm a dhéanamh níos freagraí agus níos trédhearcaí, agus an riosca a bhaineann le hatreorú arm chuig úsáideoirí neamhúdaraithe a mhaolú, trí shaineolas a aistriú chun tacú le hailíniú le caighdeáin dhlíthiúla agus oibríochtúla an Aontais agus na mBallstát, agus béim ar leith á leagan ar thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus ar chomharsanacht an Aontais.

Leis an ngníomhaíocht a dhéanfar, ba cheart éifeachtacht na gcóras náisiúnta onnmhairithe arm sna sprioctíortha a mhéadú, trí fhorbairtí agus athruithe dlíthiúla, institiúideacha agus ábhartha eile agus trína n-ailíniú le Comhsheasamh 2008/944/CBES, d'fhonn tacú le hailíniú tríú stáit le caighdeáin an Aontais maidir le rialú ar onnmhairiú arm (*acquis*) agus le dea-chleachtais maidir lena gcur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an Conradh Trádála Arm (CTA). Maidir leis na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas, tacóidh an ghníomhaíocht sin lena mianta aontachais leis an Aontas, agus - roimh aontachas - lena gcomhpháirtíocht leis an Aontas agus lena Bhallstáit maidir le rialuithe ar onnmhairiú arm.

Ba cheart na torthaí sin a shaothrú agus comhlántacht agus sineirgí á lorg le tionscadail leanúnacha cúnaimh an Aontais chun tacú le cur chun feidhme CTA agus i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin ar earraí dé-úsáide. Níor cheart forluí a bheith idir raon feidhme na dtairbhithe faoin gCinneadh seo agus na tairbhithe a chumhdaítear faoi Thionscadal For-rochtana CTA an Aontais (Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle agus an Cinneadh a thiocfaidh ina dhiaidh), ach amháin mar a chomhaontaigh an Mheitheal COARM roimhe seo.

D'fhonn na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach, ba cheart don Aontas leanúint de chaighdeáin Chomhsheasamh 2008/944/CBES a chur chun cinn, lena gcuirtear leis an méid a baineadh amach trí chur chun feidhme Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/230/CBES agus Chinntí 2009/1012/CBES, 2012/711/CBES, (CBES) 2015/2309, (CBES) 2018/101, (CBES) 2020/1464 agus (CBES) 2023/2539 ón gComhairle, agus an Chonartha Trádála Arm. Chun na críche sin, ba cheart cúnamh a thabhairt do thríú tíortha is tairbhithe chun bearta ábhartha reachtacha, riaracháin agus institiúideacha a dhréachtú, a nuashonrú agus a chur chun feidhme, mar is iomchuí, lena dtacaítear le córas éifeachtach rialuithe aistrithe gnáth-arm.

Ba cheart tacú freisin le hoiliúint oifigeach ceadúnúcháin agus forfheidhmithe atá freagrach as rialuithe aistrithe arm a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus do bhearta náisiúnta agus réigiúnacha lena gcuirtear trédhearcacht agus grinnscrúdú iomchuí ar onnmhairiú gnáth-arm chun cinn. Ina theannta sin, ba cheart teagmhálacha leis an earnáil phríobháideach (lena n-áirítear lucht tionsclaíochta, institiúidí taighde agus lucht acadúil) a chur chun cinn d'fhonn a áirithiú go ndéanfar reachtaíocht agus rialacháin maidir le rialú aistrithe arm a chomhlíonadh, ag díriú go háirithe ar chláir inmheánacha um chomhlíonadh.

Ós rud é go bhfuil stáit chomhpháirtíochta sa tionscadal de chuid COARM ag céimeanna éagsúla ó thaobh a riachtanas cúnaimh theicniúil de, bainfidh an tionscadal úsáid as cur chuige difreáilte agus gníomhaíochtaí for-rochtana á gceapadh, agus cineál sonrach an chomhair le gach tír chomhpháirtíochta á chur san áireamh.

Maidir le tíortha comhpháirtíochta a bhfuil stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas acu, cuirfidh an tionscadal cur chuige for-rochtana oiriúnaithe ar fáil dóibh lena ndíreofar níos mó ar chuimhne institiúideach agus féin-inbhuanaitheacht a fhorbairt, lena n-áirítear níos mó tacaíochta a thairiscint chun ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le rialuithe ar onnmhairiú arm, i gcás inarb iomchuí.

2. An ghníomhaireacht cur chun feidhme a roghnú

Cuirtear cur chun feidhme an Chinnidh seo faoi chúram BAFA. I gcás inarb iomchuí, beidh BAFA i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí rialaithe onnmhairí na mBallstát, le heagraíochtaí ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta, le meithleacha machnaimh, le hinstitiúidí taighde agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

Tá taithí ceannaireachta ag BAFA i soláthar cúnaimh rialaithe onnmhairí agus gníomhaíochtaí for-rochtana. Tá an taithí sin faighte aige i réimsí ábhartha uile rialú straitéiseach na n-onnmhairí, lena dtugtar aghaidh ar earraí dé-úsáide a bhaineann le CBRN agus ar earraí míleata. Trí na cláir agus na gníomhaíochtaí sin, tá eolas cuimsitheach faighte ag BAFA ar chórais rialaithe onnmhairí maidir le formhór na dtíortha a áirítear sa Chinneadh seo ón gComhairle.

Maidir le cúnamh agus for-rochtain i ndáil le rialú onnmhairí arm, d'éirigh le BAFA Cinntí 2009/1012/CBES, 2012/711/CBES, (CBES) 2015/2309 (CBES) 2018/101, (CBES) 2020/1464 agus (CBES) 2023/2539 ón gComhairle a chur chun feidhme go huile agus go hiomlán. Tá BAFA i gceannas freisin ar chur chun feidhme teicniúil chlár tacaíochta cur chun feidhme CTA arna bhunú le Cinntí 2013/768/CBES, (CBES) 2017/915 agus (CBES) 2021/2309 ón gComhairle agus ar thionscadail éagsúla P2P de chuid an Aontais i réimse an rialaithe ar onnmhairiú earraí dé-úsáide, go pointe áirithe, i gcás na dtíortha comhpháirtíochta céanna agus atá faoin gCinneadh seo ón gComhairle.

Mar sin, tá BAFA in áit ar leith chun láidreachtaí agus laigí na gcóras rialaithe onnmhairiúcháin sna tíortha sin a bheidh ina dtairbhithe do na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a shainaithint. Is é BAFA is fearr is féidir leis sineirgí a éascú idir an cúnamh éagsúil maidir le rialú ar onnmhairiú arm agus na cláir fhor-rochtana agus dúbailt a sheachaint. Tá sé sin thar a bheith ábhartha do thíortha is tairbhithe a fuair tacaíocht faoi chláir comhair de chuid an Aontais a bhí ann roimhe seo chun an acmhainneacht áitiúil a neartú maidir leis an gcóras náisiúnta rialaithe ar thrádáil arm a chur i bhfeidhm agus a nuashonrú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus leis na forbairtí le déanaí.

3. Comhordú le tionscadail chúnaimh eile de chuid an Aontais i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin

Bunaithe ar an taithí a fuarthas ó ghníomhaíochtaí for-rochtana an Aontais Eorpaigh a bhí ann roimhe seo i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin lena gcumhdaítear earraí dé-úsáide agus gnáth-airm araon, ba cheart sineirge agus comhlántacht a lorg. I gcás inarb iomchuí, féadfar sineirge a lorg i gcomhar le gníomhaíochtaí eile arna maoiniú trí bhuiséad CBES nó le gníomhaíochtaí eile a bhaineann le rialuithe ar onnmhairiú earraí dé-úsáide arna maoiniú trí ionstraimí airgeadais an Aontais seachas buiséad CBES. Ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir iomlán leis na teorainneacha dlíthiúla agus airgeadais a leagtar síos le haghaidh úsáid ionstraimí ábhartha airgeadais de chuid an Aontais.

4. Comhordú le tionscadail chúnaimh deontóirí eile i réimse na rialuithe onnmhairiúcháin

I gcás inarb iomchuí, ba cheart sineirge agus comhlántacht le tionscadail chúnaimh deontóirí eile a lorg freisin i réimse na for-rochtana maidir le rialú ar onnmhairiú. Ba cheart comhordú a dhéanamh le deontóirí eile, i gcás inarb infheidhme agus inarb iomchuí, ar bhonn cás ar chás chun an leas is fearr a bhaint as sineirgí agus acmhainní agus chun forluí a sheachaint.

5. Cur chuige i leith tíortha is tairbhithe

Saothrófar aidhmeanna an tionscadail trí chúnamh teicniúil a thabhairt do roinnt tíortha is tairbhithe a bhfuil sé léirithe acu go bhfuil siad toilteanach a gcaighdeáin agus a gcleachtais maidir le rialú ar onnmhairiú arm a fhorbairt. Cuirfear san áireamh sna gníomhaíochtaí cúnaimh a bheidh le déanamh agus i raon feidhme an chomhair a bheidh le cur ar fáil stádas na dtíortha is tairbhithe, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

— a n-iarrthóireachtaí ar bhallraíocht san Aontas agus cibé acu an iarrthóirí oifigiúla nó iarrthóirí ionchasacha iad na tíortha is tairbhithe;

— go mbeidís ina mbaill, nó go mbeadh iarratas ar bhallraíocht déanta acu, i gcórais idirnáisiúnta rialaithe onnmhairí a bhaineann le haistriú gnáth-arm agus aistriú earraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide;

— a n-acmhainneacht mar tháirgeoir, mar allmhaireoir nó mar mhol trádála i ndáil le trádáil gnáth-threalamh agus gnáth-theicneolaíochtaí míleata;

— leibhéal aibíochta an chórais náisiúnta rialaithe onnmhairí atá acu cheana, agus aird ar leith á tabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh mar thoradh ar thacaíocht a fuarthas faoi aon chláir chomhair um rialú onnmhairí arm a bhí ann roimhe sin arna maoiniú ag an Aontas; agus

— an seasamh atá acu maidir le CTA.

Ba cheart tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcomhar le tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas de mheon an chur chuige dhifreáilte agus an bhosca uirlisí ar a gcuirtear síos thíos. Leis an gcomhar a dhéanfar leo sin, díreofar ar thacaíocht a thabhairt chun iad a ailíniú go hiomlán leis an *acquis* i réimse an rialaithe ar onnmhairiú arm agus le Comhsheasamh 2008/944/CBES chun tacú lena bpróiseas aontachais leis an Aontas, ach an dul chun cinn a bheith á thomhas. Áirítear leis sin na tíortha is tairbhithe a bhfuil sé de chumas acu cuimhne institiúideach a fhorbairt agus féin-inbhuanaitheacht a bhaint amach; ról na dtairbhithe sin a neartú mar iolraitheoirí agus mar sholáthraithe eolais agus saineolais ina réigiúin faoi seach, i gcás inarb iomchuí agus inarb infheidhme, agus i réigiúin eile, agus leanúint ag an am céanna de thacaíocht a thabhairt do mhalartú faisnéise agus do chomhar le saineolaithe an Aontais agus idir tíortha a bhfuil an leibhéal céanna aibíochta acu (agus saineolaithe ó thionscadail eile um rialú ar onnmhairiú).

Dá réir sin, ba cheart do na stáit chomhpháirtíochta sin leanúint de bheith rannpháirteach in imeachtaí réigiúnacha laistigh dá réigiún geografach, agus in imeachtaí measúnaithe chomh maith. Ag an am céanna, leithdháilfear orthu líon áirithe gníomhaíochtaí tiomnaithe lena n-áireofar, i gcás inarb iomchuí, gné mheantóireachta freisin.

6. Tíortha is tairbhithe

Mura chomhaontaigh an Mheitheal COARM roimhe seo é, níor cheart forluí a bheith idir raon feidhme na dtairbhithe faoin gCinneadh seo agus na tairbhithe a chumhdaítear faoi Thionscadal For-rochtana CTA an Aontais (Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle agus an Cinneadh a thiocfaidh ina dhiaidh).

Is iad seo a leanas na tíortha is tairbhithe faoin gCinneadh seo:

a) Tíortha ó Oirdheisceart na hEorpa (an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Montainéagró, an tSeirbia agus an Chosaiv (*))

b) Tíortha Oirthear na hEorpa agus tíortha Cugasacha de chuid Bheartas Comharsanachta na hEorpa (an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis (**), an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive)

c) Tíortha na hAfraice Thuaidh, na Meánmhara agus an Deiscirt de chuid Bheartas Comharsanachta na hEorpa (an Ailgéir, an Éigipt, Maracó, an Túinéis, an Iordáin agus an Liobáin)

d) Tíortha na hÁise Láir (an Chasacstáin, an Táidsíceastáin, an Úisbéiceastáin, an Tuircméanastáin agus an Mhongóil).

e) an Úcráin

6.1. As a measc siúd, is iad seo a leanas na tíortha is tairbhithe ar tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas iad faoi láthair:

An Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an tSeoirsia, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, an tSeirbia agus an Úcráin.

Le haghaidh an ghrúpa sin, cuirfidh an tionscadal gníomhaíochtaí saincheaptha ar fáil mar a thuairiscítear i roinn 7.2.

6.2. Leasú ar liosta na dtíortha is tairbhithe

Féadfaidh an Mheitheal COARM a chinneadh, i gcásanna eisceachtúla, tar éis dul i gcomhairle leis an ngníomhaireacht cur chun feidhme, tíortha a chur le liosta na dtairbhithe. Ba cheart modhnuithe a chur in iúl ar bhealach foirmiúil idir BAFA agus an tAontas trí chathaoirleach na meithle.

7. Tuairiscí ar na gníomhaíochtaí

7.1. Gníomhaíochtaí le haghaidh tíortha a dteastaíonn cúnamh teicniúil ar leith uathu

7.1.1. Cúnamh Aonair agus Cianchúnamh

Beidh an tionscadal i bhfoirm ceardlann lena gcuirfear cúnamh ar fáil do thíortha aonair is tairbhithe i réimsí ar ábhar imní náisiúnta ar leith iad, arna iarraidh sin dóibh. Is oifigigh stáit ó na tíortha is tairbhithe, lena n-áirítear oifigigh rialtais, cheadúnúcháin agus forfheidhmithe a bheidh rannpháirteach sna ceardlanna. Ag brath ar riachtanais bheachta shaineolaithe na dtíortha tairbhíocha agus na mBallstát agus ar infhaighteacht na saineolaithe sin, beidh formáid 2 lá ag na himeachtaí de ghnáth. Is féidir gníomhaíochtaí a eagrú ar líne freisin, de réir mar is gá.

Don chuid is mó, tionólfar na ceardlanna cúnaimh aonair sin arna iarraidh sin do na tíortha is tairbhithe. Tá sé beartaithe leo aghaidh a thabhairt ar shaincheist shonrach a bhaineann le rialú ar onnmhairiú arm arna tharraingt anuas ag tír is tairbhí. Féadfaidh na ceardlanna sin aghaidh a thabhairt, *inter alia*, ar bhearta náisiúnta fothaithe acmhainneachta spriocdhírithe, ar fhor-rochtain ar an lucht tionsclaíochta (lena n-áirítear institiúidí taighde nó acadúla), agus ar straitéisí oiliúna náisiúnta i réimse an rialaithe ar onnmhairiú arm.

Ina theannta sin, cuirfear tacaíocht aonair ar fáil, i gcás inarb iomchuí agus oiriúnach, trí chúnamh cianda (lena n-áirítear: athbhreithnithe dlíthiúla; comhairliúcháin maidir le cásanna sonracha, lena n-áirítear tacaíocht do rátáil theicniúil i gcás earra ar leith; etc.).

(*) *Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.*

(**) *Tá rannpháirtíocht na Bealarúise fós ar fionraí.*

Cuirfidh saineolaithe ó riaracháin náisiúnta na mBallstát (lena n-áirítear iaroifigigh), ionadaithe na dtíortha a d'ailínigh iad féin le Comhsheasamh 2008/944/CBES, agus ionadaithe na hearnála príobháidí a gcuid saineolais ar fáil. Ionadaithe tíortha tairbhíocha a bhfuil stádas mar iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas acu agus ar cuireadh oiliúint shonrach orthu faoi Chinntí (CBES) 2020/1464 agus (CBES) 2023/2539 nó faoin gCinneadh CBES atá ann faoi láthair, beidh siad in ann gníomhú mar shaineolaithe réigiúnacha agus a gcuid saineolais shonraigh a chur ar fáil do thíortha tairbhíocha eile faoin tionscadal seo, i gcás inarb iomchuí.

7.1.2. Gníomhaíochtaí iltaobhacha agus malartú eolais

Beidh an tionscadal i bhfoirm gníomhaíochtaí iltaobhacha ina mbeidh ar a laghad dhá thír is tairbhí páirteach a bhfuil suim acu i saincheist ar údar imní coiteann í, agus é mar chuspóir aige eolas agus taithí maidir leis an tsaincheist áirithe sin a mhalartú. Is féidir na gníomhaíochtaí sin a eagrú i gceann de na tíortha is tairbhithe den Chinneadh seo, i mBallstát nó ar líne.

7.2. Gníomhaíochtaí do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas

7.2.1. Oiliúint na n-oiliúnóirí

Beidh suas le dhá chúrsa 'oiliúint don oiliúnóir' i gceist leis an tionscadal seo, a chuirfidh tacaíocht bhreise ar fáil chun acmhainneacht náisiúnta dhílis a fhorbairt bunaithe ar chur chun feidhme leanúnach an chur chuige atá ag cúrsaí 'oiliúint don oiliúnóir' BAFA. Áireofar ar na scileanna a fhorbrófar sa chúrsa oiliúna sin, *inter alia*, teagasc, aistriú eolais agus sainoiliúint i ndáil leis an gcuimhne institiúideach. Agus na gníomhaíochtaí ar a dtugtar tuairisc sa Chinneadh seo á gcur chun feidhme, ba cheart na hoiliúnóirí oilte a spreagadh agus a chur chun cinn a thuilleadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí mar iolraitheoirí nó mar sholáthraithe eolais agus saineolais ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, trasréigiúnach agus idirnáisiúnta. Ar an gcaoi sin, tacófar le tíortha is tairbhithe imeacht ó chúnamh aonair agus a bheith níos neamhspleáiche agus rialuithe trádála straitéiseacha á gcur chun feidhme acu ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach. Is féidir rannpháirtíocht i gcúrsa amháin nó sa dá chúrsa a thairiscint, i gcás inarb iomchuí, do thíortha eile is tairbhithe atá sa tionscadal ach nach bhfuil ainmnithe faoi 6.1, nuair is iomchuí, agus de réir a riachtanas.

7.2.2. Cuairteanna idir piaraí

Tacóidh an tionscadal le cuairteanna idir piaraí a eagrú ina mbeidh dhá thír is tairbhithe ar a laghad páirteach, ar tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas iad nó a bhfuil cúrsa 'oiliúint don oiliúnóir' amháin ar a laghad déanta acu. Ba cheart na gníomhaíochtaí sin a cheapadh chun ligean do rannpháirtithe úsáid a bhaint as na scileanna a forbraíodh le linn na gcúrsaí 'oiliúint don oiliúnóir' agus deis a thabhairt dóibh plé a dhéanamh le chéile agus le tíortha comhpháirtíochta eile araon ar an taithí agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag a dtír féin maidir le fothú acmhainneachta i ndáil le rialú ar onnmhairiú arm. Is iad na tíortha comhpháirtíochta óstacha a fhorbróidh inneachar na cuairte, agus is é an ghníomhaireacht cur chun feidhme a chuirfidh aiseolas ar fáil mar aon le tacaíocht ar de chineál lóistíochta go príomha í.

7.2.3. Bearta fothaithe acmhainneachta institiúidí

I gcás tíortha is tairbhithe a bhfuil cúrsa 'oiliúint don oiliúnóir' amháin ar a laghad déanta acu, tacóidh an tionscadal leo gníomhaíochtaí náisiúnta oiliúna agus for-rochtana a eagrú agus a chur chun feidhme a eagrú dóibh féin. D'fhéadfadh sé gur gníomhaíochtaí for-rochtana chuig an lucht tionsclaíochta nó acadúla agus oiliúint ar oifigigh cheadúnúcháin nó chustaim, nó nithe eile nach iad, a bheadh i gceist leis na gníomhaíochtaí sin. Déanfaidh na tíortha féin is tairbhithe inneachar na hoiliúna agus na ngníomhaíochtaí, lena ngabhfaidh comhpháirteanna meantóireachta, a fhorbairt agus, i gcás inarb iomchuí, beidh saineolas breise á sholáthar ag an ngníomhaireacht cur chun feidhme, mar a thuairiscítear faoi phointe 7.1.1.

7.2.4. Gníomhaíochtaí náisiúnta agus iltaobhacha

Áireofar sa tionscadal gníomhaíochtaí náisiúnta agus iltaobhacha a bheidh san fhoirm a thuairiscítear faoi mhír 7.1.1. agus lena ngabhfaidh an saineolas a thuairiscítear faoin mír sin fosta, ach sa chás seo, is é a bheidh mar aidhm sonrach acu tacú le hailíniú níos dlúithe le *acquis* an Aontais maidir le rialuithe ar onnmhairiú arm le haghaidh tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas.

7.2.5. Comhdhálacha Comhpháirteacha

Tacóidh an tionscadal seo le comhdhálacha comhpháirteacha le haghaidh gach tíre is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas. Leis na comhdhálacha sin soláthrófar fóram le haghaidh plé ardleibhéil, malartú faisnéise agus deiseanna oiliúna. Cuirfidh saineolaithe ó riaracháin náisiúnta na mBallstát (lena n-áirítear iaroifigigh), ionadaithe na dtíortha a d'ailínigh iad féin le Comhsheasamh 2008/944/CBES, agus ionadaithe na hearnála príobháidí a gcuid saineolais ar fáil.

D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do thíortha breise is tairbhithe den tionscadal nach luaitear faoi 6.1 i gcás ina meastar gurb iomchuí sin.

7.3. Gníomhaíochtaí do na tíortha comhpháirtíochta uile

7.3.1 Ceardlanna réigiúnacha

Beidh ceardlanna réigiúnacha agus trasréigiúnacha 2 lá i gceist leis an tionscadal, lena gcuirfear oiliúint theoiriciúil agus phraiticiúil ar fáil chomh maith le deis idirphlé a dhéanamh agus faisnéis a mhalartú chun, *inter alia*, cur chuige réigiúnach a chomhdhlúthú i réimsí ábhartha na rialuithe ar onnmhairí gnáth-arm.

Áireofar ar na rannpháirtithe sna ceardlanna oifigigh rialtais de chuid na dtíortha is tairbhithe a bheidh á gcumhdach. Féadfar cuireadh a thabhairt d'ionadaithe ó na parlaimintí náisiúnta, ón tionsclaíocht agus ón tsochaí shibhialta, i measc ionadaithe eile, i gcás inarb iomchuí. Soláthróidh saineolaithe saineolas oiliúna mar a luaitear faoi 7.1.1.

Féadfar na ceardlanna a reáchtáil i dtír is tairbhí nó i dtír eile agus féadfar iad a eagrú mar imeacht ar an láthair, ar líne nó hibrideach (ina dtacaítear le rannpháirtíocht ar an láthair agus ar líne ag an am céanna), de réir mar is iomchuí.

7.3.2 Imeacht measúnaithe deiridh

Chun meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí faoin gCinneadh seo, eagrófar imeacht measúnaithe deiridh a bheidh ar líne nó hibrideach. Beidh na tíortha uile is tairbhithe rannpháirteach san imeacht measúnaithe deiridh. Más féidir, reáchtálfar an t-imeacht díreach roimh chruinniú den Mheitheal COARM sa Bhruiséil nó díreach ina dhiaidh, ionas go mbeidh líon mhór de na Ballstáit in ann a bheith rannpháirteach ar an láthair.

8. Torthaí an tionscadail agus táscairí cur chun feidhme

Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh sa mheasúnú ar thorthaí an tionscadail:

8.1. Measúnú aonair ar thíortha is tairbhithe

Ar bhonn bliantúil, ag tosú i mí Feabhra 2026, cuirfidh BAFA nuashonrú ar fáil don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus don Choimisiún ar na tuarascálacha ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur chun feidhme ag gach ceann de na tíortha is tairbhithe. Sna tuarascálacha sin, déanfar na gníomhaíochtaí a rinneadh i ngach tír is tairbhí le linn thréimhse an Chinnidh a achoimriú, agus déanfar measúnú agus cur síos ar acmhainneacht na tíre is tairbhí i réimse na rialuithe aistrithe arm bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil do BAFA, lena n-áirítear an fhaisnéis atá liostaithe i roinn 8.2 de réir mar is iomchuí.

8.2. Measúnú tionchair agus an fhaisnéis atá le háireamh sna tuarascálacha

Ba cheart measúnú a dhéanamh tar éis don ghníomhaíocht a bheith déanta ar thionchar ghníomhaíochtaí an tionscadail dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo ar na tíortha is tairbhithe, tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don Chinneadh dul in éag. Is é BAFA, i gcomhair leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, lena n-áirítear, mar is iomchuí, le toscaireachtaí an Aontais sna tíortha is tairbhithe, chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha eile, a dhéanfaidh an measúnú tionchair.

Chun na críche sin, agus chun an dul chun cinn a mheas, ba cheart an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh sna tuarascálacha a ainmnítear faoi 8.1:

— córas um rialú ar onnmhairí, agus reachtaíocht chun onnmhairiú na teicneolaíochta agus an trealaimh atá ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a rialú, a bheith ann agus a bheith á n-oibriú;

— an cumas iarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin a mheasúnú de réir an cháis i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i gComhsheasamh 2008/944/CBES;

— Raon feidhme an rialaithe (lena n-áirítear onnmhairí; gníomhaíochtaí bróicéireachta, idirthuras agus trasloingsiú, aistrithe doláimhsithe bogearraí agus teicneolaíochta;

— Faisnéis a mhalartú (maidir le ceadúnais onnmhairiúcháin agus diúltuithe) le stáit eile;

— Seiceáil ar an gceann scríbe deiridh/ar an deimhniú úsáideora deiridh, agus measúnú á dhéanamh ar iarratais;

— Tuarascála bliantúla a fhoilsiú maidir le honnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata, agus tuairisciú eile - (e.g. Clár na Náisiún Aontaithe, tuairisciú bliantúil CTA, Comhshocraíocht Wassenaar, ESCE agus tuarascálacha chuig parlaimintí náisiúnta);

— i gcás ina mbeidh sí ar fáil, faisnéis maidir le cásanna forfheidhmithe;

— an bhfuil ailíniú déanta go hoifigiúil ag an tír is tairbhí, nó an bhfuil sé beartaithe aici ailíniú a dhéanamh, le Comhsheasamh 2008/944/CBES.

9. Infheictheacht an Aontais

Déanfaidh BAFA gach beart is iomchuí chun a phoibliú go bhfuil an ghníomhaíocht á maoiniú ag an Aontas. Cuirfear na bearta sin chun feidhme i gcomhréir leis an lámhleabhar um ghníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach. Dá bhrí sin, áiritheoidh BAFA infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais agus an fheasacht ar na cúiseanna atá leis an gCinneadh á mhéadú, chomh maith le feasacht ar thacaíocht an Aontais don Chinneadh agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais ar taispeáint go feiceálach ar an ábhar a tháirgeann an tionscadal i gcomhréir le treoirlínte ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an lógó 'clár rialaithe onnmhairiúcháin P2P an Aontais'. Ba cheart do Thoscaireachtaí an Aontais a bheith rannpháirteach in imeachtaí i dtríú tíortha chun feabhas a chur ar an obair leantach pholaitiúil agus ar an infheictheacht.

Ós rud é go bhfuil éagsúlacht mhór idir raon feidhme agus chineál na ngníomhaíochtaí atá beartaithe, féadfar réimse uirlisí fógraíochta, ach iad a bheith ar fáil agus oiriúnach, lena n-áirítear na meáin thraidisiúnta, suíomh gréasáin, na meáin shóisialta, agus ábhair faisnéise agus fógraíochta (lena n-áirítear grafaicí faisnéise, bileoga, nuachtlitreacha, preaseisiúintí agus nithe eile, de réir mar is iomchuí). Déanfar foilseacháin agus imeachtaí poiblí, arna soláthar faoin tionscadal, a bhrandáil dá réir sin.

10. Fad

Meastar gur 36 mhí a bheidh i ré iomlán an tionscadail.